

Mo-chean duit-se, a thulach thall

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 10]

Laoiseach Mac an Bhaird

1 Mo chean duitse, a thulach thall,  
fád thuisleadh ní subhach sionn;  
damhna sgíthi do sgeach dhonn,  
cleath chorr do-cíthe ós do chionn.

2 Sgeach na conghára, crádh cáigh,  
na háit comhdhála do-chínn,  
buain na craoibhe, mo lá leóin,  
daoire 'na dheóidh mar tá an tír.

3 Dubhach mo chridhisi um chum  
fád bhilisi, a thulach thall;  
an chleath ó bhfaicinn gach fonn,  
do sgeach chorr ní fhaicim ann.

4 Do bhíoth dhamh ag dénaimh eóil,  
an ghégsóin fá gar do mhaoin;  
fada siar ón tírsi thuaidh  
aníar uaim do-chínnsi an gcraoibh.

5 An ghaoth ar bhfoghal a fréamh,  
craobh gan bhloghadh doba buan;  
ní tearc neach dá ndearna díon,  
sníomh na sgeach fá teadhma truagh.

6 Gég chruthach bá corcra lí,  
mé dubhach má dol fá dhlaoi;  
mairg nár smuain ar dhaoirsi nDé,  
's go bfuair me fád chraoibhsi caoi.

7 Do teasgadh ar n-aoinchreach uainn,  
an chaoimhsgeach dob easdadh d'éón;  
sgé a samhla níor fhás a húr,  
dhúnn go bás badh damhna deór.

8 Mo chreidhim go bruach mo bháis,  
mo-nuar nach éirghionn ar-ís;  
ní fhaicim cnoc na gcleath gcnuais  
nach gluais lot na sgeach mo sgís.

9 Cnoc na gconghár, crádh na sgol,  
a n-orláimh námhad a-níodh;  
d'éis a learg as dubhach dhamh,

tulach ghlan do chealg mo chion.